**Fógra Poiblí i gComhréir leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Alt 38(3)(b)) arna leasú**

**OIBREACHA BUSCONNECTS I LÁITHREACHA ÉAGSÚLA AR FUD CHATHAIR NA GAILLIMHE**

Faoi Alt 38 (1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, arna leasú, féadfaidh Údarás Bóithre, ar mhaithe le sábháilteacht agus áisiúlacht úsáideoirí bóithre, cibé bearta moillithe tráchta a mheastar a bheith inmhianaithe a chur ar fáil i ndáil leis na bóithre poiblí atá faoina gcúram. Áirítear
leis sin bearta a fheabhsaíonn soláthar na seirbhísí bus poiblí.

Comhaontaíodh na tograí d'athdhearadh ar an líonra bus i nGaillimh mar chuid de Chlár Athdheartha Líonra Bus na Gaillimhe. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) a rinne an t-athdhearadh i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Cathrach agus Chontae na Gaillimhe chun comhtháthú iomlán le beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chinntiú. Reáchtáladh beart comhairliúcháin poiblí ar Athdhearadh an Líonra in 2023.

Mar chuid den líonra bus nua a chur ar fáil i nGaillimh, tá sé beartaithe go ndéanfar oibreacha uasghrádaithe ar stadanna bus atá ann cheana, agus go ndéanfar stadanna bus nua a thógáil. Tá sé beartaithe go mbeidh bearta chun sábháilteacht agus áisiúlacht coisithe a fheabhsú san áireamh sna hoibreacha a dtabharfar fúthu trí stadanna bus, pointí trasnaithe agus línte marcála a chur ar fáil.

I gcomhar leis an NTA, tá bearta beartaithe faoi Alt 38 sna láithreacha seo a leanas:

**An Barda Thoir:**

| Uimhir Thagartha an Stad Bus | Ainm an Stad | Alt 38 - Cur Síos ar na hOibreacha |
|---|---|---|
| 012 | Baile an Bhriotaigh ó Dheas | Lána rothaíochta a ghiorrú, athailíniú ar an lána atá ann cheana agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 023/024 | Páirc Mhiondíola Calbro ó Thuaidh/ó Dheas | Oileán tráchta lárnach a chur ar fáil ar Bhóthar Thuama agus na marcanna bóthair a ghabhann leis chun na lánaí atá ann cheana a athailíniú. |

**An Barda Thiar:**

| Uimhir Thagartha an Stad Bus | Ainm an Stad | Alt 38 - Cur Síos ar na hOibreacha |
|---|---|---|
| 016 | Bóthar Bhearna/Bóthar na Ceapaí Soir | Síneadh a chur leis an gcosán isteach sa gcarrbhealach agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 048/049 | Cuan na Coille ó Thuaidh/ó Dheas | Oileán tráchta lárnach a chur ar fáil ar Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill chomh maith leis na marcanna bóthair a ghabhann leis chun na lánaí atá ann cheana a athailíniú. |
| 085/086 | Lios Carraig ó Thuaidh/Lios Carraig ó Dheas | Oileán tráchta lárnach a chur ar fáil ar Bhóthar na Mine chomh maith leis na marcanna bóthair a ghabhann leis chun na lánaí atá ann cheana a athailíniú. Línte buí dúbailte a chur ar fáil. |
| 104 | Cartúr Mór (Bóthar an Chlaí Bháin) | Síneadh a chur leis an gcosán isteach sa gcarrbhealach agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 130 | Slí na Craoibhe ó Thuaidh (Bóthar an Chlaí Bháin) | Síneadh a chur leis an gcosán isteach sa gcarrbhealach agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 163 | Dún na Carraige Siar | Oileán tráchta lárnach a chur ar fáil ar Bhóthar na Trá Uachtarach. Síneadh a chur leis an gcosán chuig imeall an charrbhealaigh agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 169 | Atlantaquaria Soir | Athailíniú an cholbha agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. Línte buí dúbailte a chur ar fáil. |

**An Barda Láir:**

| Uimhir Thagartha an Stad Bus | Ainm an Stad | Alt 38 - Cur Síos ar na hOibreacha |
|---|---|---|
| 043 | Baile na Coiribe ó Thuaidh | Síneadh a chur leis an gcosán. Trasrian coisithe rialaithe a chur ar fáil le rabhcháin Belisha agus oileán tráchta lárnach agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 057/079 | Carrchlós Bhóthar na Díge ó Thuaidh/ Lidl Bhóthar Áth Cinn ó Dheas | Oileán tráchta lárnach a chur ar fáil ar Bhóthar Áth Cinn agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 182 | Páirceanna an Taoibh Thiar | Athailíniú an lána bus agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 186 | Teach Altranais San Proinsias | Síneadh a chur leis an gcosán isteach sa gcarrbhealach agus na marcanna bóthair a ghabhann leis. |
| 187 | Arda an Daingin (N59) | Oileán tráchta lárnach a chur ar fáil ar an N59 agus na hathruithe ar na marcanna bóthair a ghabhann leis. |

Tá léaráidí de na hoibreacha atá beartaithe ar fáil ar líne ar https://consult.galwaycity.ie/ agus is féidir iad a iniúchadh ar feadh tréimhse aon mhí amháin ar ó dháta an fhógra ó Dé hAoine an 3 Iúil go dtí Dé Máirt an 4 Lúnasa 2026 (gach lá seachas an deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí) ó 9a.m. go 4p.m. ag: Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.

Is féidir tuairimí nó aighneachtaí maidir leis na hoibreacha atá beartaithe a luaitear thuas a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimhe, H91 X4K8 nó go leictreonach ar https://consult.galwaycity.ie/ nó ar ríomhphost chuig ActiveTravel@GalwayCity.ie.

Is é Dé Máirt an 4 Lúnasa 2026 ag an 4p.m. an dáta deiridh a ghlacfar leis na haighneachtaí sin.

**Sínithe ag:** 

**Derek Pender, Stiúrthóir Seirbhísí,**
**An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tionscadal,**
**Comhairle Cathrach na Gaillimhe.**

GAL001/0047-#12285803v1